Eaglais na hÉireann

Árdeaglais Naomh Fionn Barra

Ceiliúradh na Comaoineach Naofa
7ú Nollag-- lá Breithe Naomh Columba (Colm Cille) 521- 597

An tUrramach Tony Murphy leis an tUrramach Hazel Minion

Ortha Naomh Colm Cille

A Dhia, a ghlaoigh ar do sheirbhíseach Colm Cille,
a bhí ar phrionsa na tíre seo,
ag iarraidh ar bheith ina theachtaire
le soiscéal do ríochta a fhógairt;
Deonaigh do d'Eaglais
cuimhne a choinneáil ar a chreideamh agus ar a chrógacht,
agus glóir do ghrásta a nochtadh,
ionas go n-admhaí na daoine uile do Mhac mar Shlánaitheoir
agus go n-umhlaí said dó mar Rí,
a mhaireas iríocht mar aon leatsa
agus leis an Spiorad Naomh, anois agus go deo.
Áiméan.

O God, you called your servant Columba from among the princes of this land to be a herald and evangelist of your kingdom: Grant that your Church ,remembering his faith and courage, may so proclaim the splendour of your grace
that people everywhere will come to know your Son, as their Saviour, and serve him as their King; who lives and reigns with you and the Holy Spirit, one God, now and for ever. Amen.

Míocá: 4:1-5

Titfidh sé amach san am atá le teacht go mbeidh an sliabh a bhfuil teach an Tiarna air os cionn na sléibhte agus go dtógfar níos airde ná na cnoic é.Tiocfaidh na ciníocha ina sruth go dtí é. 2 Is iomaí pobal a rachaidh ann agus a déarfaidh:"Seo linn, téimis suas go sliabh an Tiarna, go teach Dhia Iacóib,chun go múine sé dúinn a shlite agus go siúlaimis a bhealaí. Óir ó Shíón rachaidh an dlí amach, agus ó Iarúsailéim briathar an Tiarna."

3Beidh smacht aige ar na ciníocha agus déanfaidh sé réiteach idir an iomad pobal atá i bhfad i gcéin, agus buailfidh siad a gclaimhte amach ina socanna céachta agus a sleánna ina gcorráin. Ní thógfaidh na ciníocha an claíomh in aghaidh a chéile a thuilleadh, ná ní chleachtfaidh siad cogadh níos mó. 4Beidh an uile dhuine ina shuí faoina fhíniúin agus faoina chrann fígí agus ní chuirfidh aon fhear eagla orthu. Is é béal Tiarna na Slua a dúirt é.5Óir gluaiseann gach uile cheann de na ciníocha ar aghaidh in ainm a dhé féin ach siúlfaimidne in ainm an Tiarna, ár nDia, go brách is choíche.

In days to come the mountain of the LORD's house shall be established as the highest of the mountains,and shall be raised up above the hills. Peoples shall stream to it,and many nations shall come and say: 'Come, let us go up to the mountain of the LORD,to the house of the God of Jacob; that he may teach us his ways and that we may walk in his paths.'
For out of Zion shall go forth instruction, and the word of
the LORD from Jerusalem.
[3] He shall judge between many peoples, and shall arbitrate between strong nations far away; they shall beat their swords into ploughshares, and their spears into pruning-hooks; nation shall not lift up sword against nation, neither shall they learn war any more; [4] but they shall all sit under their own vines and under their own fig trees, and no one shall make them afraid; for the mouth of the LORD of hosts has spoken.
[5] For all the peoples walk, each in the name of its god, but we will walk in the name the LORD our God for ever and ever.

Salm: 34: 9-15

9 A dhaoine naofa an Tiarna, bíodh a eagla oraibh; ●
ní bhíonn díth ar an dream lenarb eagal é.
10 Bíonn easpa agus ocras ar leoin óga: ●
ní bhíonn aon easpa ar lucht iarrtha an Tiarna.
11 Téanaigí, a chlann ó, agus éistigí liom ●
go múinfidh mé eagla an Tiarna daoibh.
12 Cé hé an duine a shantaíonn an bheatha? ●
agus fad saoil faoi shéan is faoi shonas?
13 Coinnigh do theanga ón olc ●
agus do bhéal ó bhriathra éithigh.
14 Seachain an t-olc agus déan an mhaith; ●
bí ag lorg na síochána agus lean di.
15 Bíonn súile an Tiarna ar na fíréin ●
agus tugann sé aird ar a n-achainí.

9 Fear the Lord, all you his holy ones, ♦ for those who fear him lack nothing.

10 Lions may lack and suffer hunger, ♦ but those who seek the Lord lack nothing that is good.

11 Come, my children, and listen to me; ♦ I will teach you the fear of the Lord.

12 Who is there who delights in life ♦ and longs for days to enjoy good things?

13 Keep your tongue from evil ♦ and your lips from lying words.

14 Turn from evil and do good; ♦ seek peace and pursue it.

15 The eyes of the Lord are upon the righteous ♦ and his ears are open to their cry.

Rómháinigh 15: 1-6

1Sinne atá láidir ní mór dúinn cur suas le laigí na bhfann agus gan bheith ar mhaithe linn féin 2ach gach duine againn ar mhaithe leis an gcomharsa d'fhonn é a neartú. 3Ní ar mhaithe leis féin a bhí Críost ach mar atá scríofa:

"Is ormsa a thit aithisí na ndaoine a bhí do d'aithisiú."

4Gach ar scríobhadh fadó is dár dteagascna a scríobhadh é chun go mbeadh an fhoighne agus an sólás atá le fáil sa scrioptúr ina n-ábhar dóchais againn.

5Go dtuga Dia na foighne agus an tsóláis daoibhse a bheith báúil le chéile de réir mheon Chríost Íosa 6ar shlí go mbeidh sibh d'aontoil agus d'aonghuth ag moladh Dé agus Athair ár dTiarna Íosa Críost.

Sin é Briathar Dé

Buíochas le Dia

Romans : 15: 1-6

5We who are strong ought to put up with the failings of the weak, and not to please ourselves. [2]Each of us must please our neighbour for the good purpose of building up the neighbour. [3]For Christ did not please himself; but, as it is written, 'The insults of those who insult you have fallen on me.' [4]For whatever was written in former days was written for our instruction, so that by steadfastness and by the encouragement of the scriptures we might have hope. [5]May the God of steadfastness and encouragement grant you to live in harmony with one another, in accordance with Christ Jesus, [6]so that together you may with one voice glorify the God and Father of our Lord Jesus Christ.

Éistigí le Soiscéal ar Slánaitheoir Críost, de réir Eoin I gcaibidil 12 ag tosnú ag vérsa 20.

Glóir duit , a Thiarna Íosa Críost

20Bhí Gréagaigh áirithe ar na daoine a chuaigh suas go Iarúsailéim chun adhradh a dhéanamh lá na féile. 21Tháinig siadsan mar sin go dtí Pilib, an fear ó Bhéatsáide na Gailíle, agus d'iarr siad achainí air: “A thiarna, ba mhaith linn Íosa a fheiceáil,” ar siad. 22Tháinig Pilib agus d'inis sé d'Aindrias é, agus ansin tháinig Aindrias agus Pilib agus d'inis siad d'Íosa é. 23D'fhreagair Íosa iad agus dúirt:

“Tá an uair tagtha chun go ndéanfaí Mac an Duine a ghlóiriú.
24Amen, Amen, a deirim libh, an gráinne arbhair a thit sa talamh,
mura bhfaigheann sé bás, fanann sé leis féin amháin. Ach má
fhaigheann sé bás, tugann sé toradh mór uaidh.
25An té a thugann grá dá anam féin, caillfidh sé é,
agus an té a thugann fuath dá anam féin ar an saol seo,
déanfaidh sé é a choimeád chun na beatha síoraí.
26Má dhéanann aon duine friothálamh ormsa, leanadh sé mé,
agus an áit ina mbímse, is ann a bheidh mo fhriothálaí chomh maith.
Má dhéanann aon duine friothálamh ormsa, tabharfaidh m'Athair
onóir dó.

Seo é Soiscéal an Tiarna
Moladg duit, a Thirana Íosa Críost

Now among those who went up to worship at the festival were some
Greeks. [21]They came to Philip, who was from Bethsaida in Galilee, and said to
him, ‘Sir, we wish to see Jesus.’ [22]Philip went and told Andrew; then Andrew
and Philip went and told Jesus. [23]Jesus answered them, ‘The hour has come for
the Son of Man to be glorified. [24]Very truly, I tell you, unless a grain of wheat
falls into the earth and dies, it remains just a single grain; but if it dies, it bears
much fruit. [25]Those who love their life lose it, and those who hate their life in
this world will keep it for eternal life. [26]Whoever serves me must follow me,
and where I am, there will my servant be also. Whoever serves me, the Father
will honour.